Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**8059/22**

**AGRI 147**
**AGRISTR 22**
**ENV 338**
**CLIMA 161**
**FORETS 26**
**RECH 181**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15045/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis na gnéithe talmhaíochta agus foraoiseachta den teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le timthriallta carbóin inbhuanaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs na gConclúidí ón gComhairle maidir leis na gnéithe talmhaíochta agus foraoiseachta den teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le timthriallta carbóin inbhuanaithe, mar a d’fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh é ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Aibreán 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis na gnéithe talmhaíochta agus foraoiseachta den teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le timthriallta carbóin inbhuanaithe**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Á MHEABHRÚ DI:

- Conclúidí ón gComhairle an 15 Samhain 2021 maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030[1];
- Conclúidí ón gComhairle an 10 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide[2];
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' an 19 Deireadh Fómhair 2020[3];
- Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2019 maidir le straitéis nuashonraithe bhithgheilleagair[4];
- Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'An Bhithéagsúlacht – an gá atá le gníomhaíocht phráinneach'[5];

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'Timthriallta carbóin inbhuanaithe'.

[1] 13537/21.
[2] 9694/21.
[3] 12099/20.
[4] 14594/19.
[5] 11829/20.

2. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT saintréithe na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus saincheisteanna na haeráide á mbreithniú. Cuireann an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht leis an iarracht fhoriomlán astaíochtaí a laghdú, rud nach mór díriú air i gcónaí mar phríomhghné de chuspóir aeráidneodrachta an Aontais Eorpaigh, agus ag an am céanna tá siad in ann carbón a aistriú agus a stóráil trí thaiscumair charbóin (foraoisí, ithreacha foraoise agus táirgí adhmaid, féarthailte, agrafhoraoiseacht, ithreacha talmhaíochta, bogaigh, etc.).

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gurb é táirgeadh inbhuanaithe bia príomhchuspóir earnáil na talmhaíochta i gcónaí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le foraoisí chomh maith le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh orthu de bhrí go gcomhlíonann siad spriocanna iolracha, lena n-áirítear caomhnú na bithéagsúlachta, táirgeadh bithmhaise a chothabháil agus a fheabhsú agus cuireann siad go mór leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go ndéanann an t-athrú aeráide difear suntasach don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht freisin, agus tionchar á imirt aige ar an acmhainneacht stórála i measc nithe eile agus a fhágann gur gá na córais táirgthe a oiriúnú agus athléimneacht na n-éiceachóras a mhéadú.

4. AITHNÍONN SÍ chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, chomh maith leis an obair reachtach atá idir lámha maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55', gurb iomchuí go gcuirfear dreasachtaí deonacha chun cinn ar leibhéal na mbainisteoirí talún chun linnte carbóin an Aontais a neartú trí níos mó carbóin a stóráil ar bhealach inbhuanaithe in éiceachórais talmhaíochta, foraoise agus nádúrtha eile agus na stoic charbóin atá ann cheana a chothabháil, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil sé beartaithe tacaíocht airgeadais a shíneadh, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach, de bhreis ar an gComhbheartas Talmhaíochta, eadhon beartas lena dtacaítear le réimse leathan de chleachtais feirmeoireachta carbóin, ceaptha carbóin agus cleachtais maolaithe aeráide eile - agus tacaíocht phoiblí eile.

5. TACAÍONN SÍ leis an gcur chuige chun feirmeoireacht carbóin a shamhlú mar shamhail ghnó nua atá glas agus deonach, lena bhféadfar foinse bhreise ioncaim a chur ar fáil do bhainisteoirí talún, agus molann sí go ndéanfaí í a imscaradh ar chríoch an Aontais; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, áfach, nach mór do luach saothair an bhainisteora talún go leor dreasachtaí a chur ar fáil agus tionchair dhiúltacha shuntasacha agus athruithe ar úsáid talún á seachaint ag an am céanna, amhail trí inacmhainneacht agus infhaighteacht talún a laghdú do bhainisteoirí talún nó trí laghdú táirgeachta a bheith mar thoradh air.

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le faisnéis spriocdhírithe agus seirbhísí comhairleacha, lena n-áirítear faoi chuimsiú na mbeartas agus na gclár atá ann cheana, chun aistriú eolais agus oiliúint bainisteoirí talún agus geallsealbhóirí eile a chur chun cinn, agus MEASANN SÍ go bhféadfaí na spriocanna sin a bhaint amach ach gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chothú.

7. MEABHRAÍTEAR DI gurb ionann meatán ($CH_4$) agus 56 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtáirgeadh talmhaíochta ar leibhéal an Aontais, agus gurb ionann ocsaíd nítriúil ($N_2O$) agus 39 % díobh[6], agus gur cion beag d'astaíochtaí gás ceaptha teasa atá i ndé-ocsaíd charbóin ($CO_2$). Thairis sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE maidir le cleachtais talmhaíochta áirithe a d'fhéadfadh cur le ceapadh carbóin, gur féidir astaíochtaí níos airde $N_2O$ a bheith mar thoradh ar na cleachtais sin, ag an am céanna, agus dá bhrí sin, AITHNÍONN SÍ an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cur chuige comhtháite i leith feirmeoireacht carbóin.

---

[6] Sonraí don bhliain 2019 bunaithe ar fhardail ghás ceaptha teasa AE-27, an Ghníomhaireach Eorpach Comhshaoil. Ní áirítear leis na sonraí sin na hastaíochtaí ó thomhaltas fuinnimh sa táirgeadh talmhaíochta. Tá an mhodheolaíocht mhionsonraithe ar fáil sa tacar táscairí *Greenhouse gas emissions from agriculture in Europe* [Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht san Eoraip] a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil an 15 Nollaig 2021.

8. MEASANN SÍ go bhfuil na samplaí de chleachtais a shainaithin an Coimisiún ina theachtaireacht a bheith fabhrach do stóráil carbóin in ithreacha agus in éiceachórais eile ábhartha, ach CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá ann dálaí éagsúla na mBallstát agus a réigiún a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar chleachtais maidir le maolú ar an athrú aeráide. Mar sin féin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do chleachtais feirmeoireachta carbóin cloí le sláine comhshaoil, go háirithe, éifeachtaí diúltacha ar an mbithéagsúlacht a sheachaint. I bhfianaise an mhéid sin, MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, samplaí breise de chleachtais fheabhsaithe bainistithe talún a chur ar fáil, de bhreis orthu siúd a leagtar amach sa teachtaireacht, bunaithe ar an gcomhdhearcadh eolaíoch atá ann faoi láthair.

9. AITHNÍONN SÍ gurb ann do chomhthairbhí a bhaineann leis na cleachtais thuasluaite, a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe leis an mbithéagsúlacht, chomh maith le cáilíocht an uisce, na hithreach agus an aeir, a chaomhnú.

10. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún creat láidir deimhniúcháin a shainiú bunaithe ar mhodhanna eolaíocha caighdeánaithe agus bailíochtaithe agus ar ionstraimí diagnóiseacha ar an leibhéal Eorpach chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar na méideanna carbóin arna stóráil agus arna n-astú agus MOLANN SÍ go n-áireofaí sa chreat sin ceanglas ar an gCoimisiún fíorú neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn arna bhaint amach maidir le feirmeoireacht carbóin, agus tuarascáil a thabhairt air. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór go mbeadh critéir ardcháilíochta amhail trédhearcacht, breisíocht, buaine agus tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol agus ar bhithéagsúlacht a sheachaint i gcroílár an chreata sin, chun a inchreidteacht a áirithiú, agus nár cheart aon iarracht atá á déanamh ag bainisteoirí talún faoi láthair a dhíspreagadh leis.

11. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart don chreat deimhniúcháin a bheidh ann amach anseo a bheith simplí, nár cheart dó ualach díréireach riaracháin a chruthú chun rannpháirtíocht bainisteoirí talún a éascú agus nár cheart smachtbhannaí a bheith ann mar thoradh air ar eagla go mbeadh ceapadh carbóin níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chúiseanna nach mbaineann le gníomhaíochtaí na mbainisteoirí talún.

12. TACAÍONN SÍ leis an mbeart grúpa saineolaithe de chuid an Aontais a chur ar bun go tráthúil, grúpa ina mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit lena n-áirítear ó réimsí na foraoiseachta, na talmhaíochta agus an chomhshaoil, chun cabhrú leis an gCoimisiún na dea-chleachtais atá ann cheana maidir le feirmeoireacht carbóin a chur san áireamh. MOLANN SÍ go bhféadfadh an grúpa sin, go háirithe, cabhrú leis an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar na córais idirnáisiúnta agus náisiúnta uile atá ann cheana chun na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus stóráil carbóin sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a áireamh, chomh maith leis na córais deimhniúcháin carbóin atá ann cheana. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar obair an ghrúpa saineolaithe d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le raon feidhme chreat rialála an Aontais maidir le deimhniú aistrithe carbóin a leathnú chuig laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, lena n-áirítear dreasacht mhéadaithe do bhainisteoirí talún astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar leibhéal na feirme.

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go mbeidh ar an gcreat deimhniúcháin na solúbthachtaí is gá a ionchorprú chun sainiúlachtaí na mBallstát agus a réigiún a chur san áireamh, mar aon le córais táirgthe (lena n-áirítear méid na bhfeirmeacha, na ndáileachtaí agus na bhforaoisí, dálaí aeráide, cineálacha ithreach agus cleachtais saothraithe), gan cur isteach ar shláine comhshaoil na scéime.

14. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart an creat rialála maidir le deimhniú a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le beartais eile an Aontais agus leis na spriocanna a ghabhann leo, agus comhaireamh dúbailte mar aon le sceitheadh carbóin á seachaint, agus gan an bonn a bhaint de chuspóir na slándála bia.

15. IARRANN SÍ go ndearfaí creat deimhniúcháin an Aontais a bheidh ann amach anseo agus aird á tabhairt ar na tionscnaimh náisiúnta atá ann cheana a bhfuil an cuspóir céanna acu agus, más féidir, go mbeadh sé comhoiriúnach leis na tionscnaimh sin.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí raon níos leithne cleachtas a chumhdach le creat deimhniúcháin an Aontais, lena n-áirítear astaíochtaí talmhaíochta gás ceaptha teasa agus, b'fhéidir, luach eacnamaíoch na gcomhthairbhí gan simplíocht agus soiléireacht an chórais a chur i mbaol, agus iarrann sí air féachaint cén chaoi a bhféadfaí sin a dhéanamh.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na gnéithe a leagtar amach sna conclúidí seo a chur san áireamh, go sonrach agus a thogra reachtach á dhréachtú aige chun creat deimhniúcháin de chuid an Aontais a bhunú.